

An Bhruiséil, 29 Samhain 2024
(OR. en)

16127/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0436(COD)

TRANS 510
CODEC 2207

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	15766/24 + COR1
Uimh. an doic. ón gCoim.:	16307/23 + ADD1
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turais ilmhódacha – Cur chuige ginearálta

I. RÉAMHRÁ

1. An 29 Samhain 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Parlaimint na hEorpa togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turais ilmhódacha. Tíolacadh an togra mar chuid de phacáiste chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa chreat rialála reatha maidir le cearta paisinéirí in éineacht le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/20, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas.

2. Is é is aidhm don togra maidir le turais ilmhódacha creat dlíthiúil a bhunú chun oibleagáidí agus dliteanas na soláthraithe seirbhíse taistil éagsúla atá páirteach i dturas ilmhódach, faoi seach, a shainaithint. Déantar foráil sa dréacht-Rialachán maidir leis an méid seo a leanas:
- cosc a chur ar neamh-idirdhealú idir paisinéirí i ndáil le coinníollacha iompair agus soláthar ticéad;
 - an oibleagáid faisnéis íosta chruinn a chur ar fáil do phaisinéirí go tráthúil i bhformáid inrochtana;
 - cearta paisinéirí i gcás suaití taistil, go háirithe i gcomhthéacs naisc a cailleadh idir modhanna iompair éagsúla a chosaint le linn turas ilmhódach; agus
 - neamh-idirdhealú i gcoinne daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus cúnamh dóibh.
3. Is é is aidhm don togra na rialacha sin atá ann cheana i reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí¹ a chomhlánú trína áirithiú go mbeidh leibhéal comhchosúil cosanta ag paisinéirí i gcás ina n-athróidh siad na modhanna iompair éagsúla sin le linn turais.
4. Tá an dréachtrialachán bunaithe ar Airteagal 91(1) agus Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

¹ Chun críocha an Rialacháin seo ciallaíonn reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí, de réir mar is iomchuí, Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO L 46, 17.2.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/261/oj>); Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe le linn dóibh a bheith ag taisteal d'aer (IO L 204, 26.7.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1107/oj>); Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 a bhaineann le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, (IO L 334, 17.12.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1177/oj>); Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 a bhaineann le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, (IO L 55, 28.2.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/181/oj>); Rialachán (AE) 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (IO L 172, 17.5.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/782/oj>).

II. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

5. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) atá an phríomhfhreagracht. Ceaptar Jens GIESEKE (PPE, DE) mar rapóirtéir. Ní dhearna an coiste sin cinneadh i leith an togra fós.
6. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 30 Márta 2024². Chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt uaidh maidir leis an togra seo.

III. AN OBAIR I DTIONÓL NA COMHAIRLE AGUS I DTIONÓL A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

7. Cuireadh an dá thogra, togra maidir le turais ilmhódacha agus togra maidir le forfheidhmiú, faoi bhráid na Meithle um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an 12 Eanáir 2024. Pléadh an togra maidir le turais ilmhódacha go mion faoi Uachtaránacht na Beilge, a thug an scrúdú chun críche le tuarascáil ar dhul chun cinn³ a tíolacadh sa Chomhairle an 12 Meitheamh 2024. Lean Uachtaránacht na hUngáire den phlé, agus tionóladh meitheal dheireanach an 12 Samhain 2024.
8. Chomhaontaigh na toscaireachtaí nach mór cearta na bpaisinéirí, go háirithe iad siúd is leochailí, a chosaint freisin i gcomhthéacs turais ilmhódacha, agus gur cheart an rómhaorlathas agus an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann don mhargadh nuaghinte sin a sheachaint. Chuir siad in iúl na dúshláin a bhaineann le creat aontaithe comhleanúnach a chruthú do thurais ilmhódacha ina gcuireann rialacháin mhódacha leibhéil éagsúla ceart ar fáil do phaisinéirí. Leag siad béim freisin ar a thábhachtaí atá sé infhorfheidhmitheacht, indéantacht agus díonadh ar chalaois na bhforálacha nua a áirithiú.

² IO C, C/2024/3382, 31.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/3382/oj>.

³ 10924/24 + COR1.

9. Bunaithe ar bharúlacha na dtoscaireachtaí, rinneadh raon feidhme an Rialacháin a athshainiú chun soiléireacht an téacs a fheabhsú, ionas gur fearr is féidir le hiompróirí agus le hidirghabhálaithe a n-oibleagáidí a shainaithint, agus le paisinéirí a gcearta a shainaithint:
- a) Sa chomhréiteach críochnaitheach ní áirítear sa raon feidhme ach ticéid ilmhódacha aonair agus ticéid ilmhódacha chomhcheangailte. **Eisiadh ticéid ilmhódacha ar leithligh** ón raon feidhme, ó rud é nach féidir leis na hoibreoirí a fhios a bheith acu go bhfuil oibleagáidí orthu i gcás ceannach ar leithligh.
 - b) Leagtar amach go soiléir sa chomhréiteach na coinníollacha nach mór don turas a chomhlíonadh chun cáiliú don raon feidhme, go háirithe i gcomhthéacs **díolúintí náisiúnta** is infheidhme maidir le reachtaíocht earnála an Aontais i ndáil le cearta paisinéirí.
 - c) Ós rud é gur cheart bearnaí rialála a dhúnadh, leis an gcomhréiteach aistrítear oibleagáidí bhainisteoirí na **mol ilmhódach paisinéirí**, trí thógáil ar na struchtúir agus ar na freagrachtaí atá ann cheana, chuig bainisteoirí na mór-chríochfort. Leis an gcomhréiteach tugtar isteach tairseach do na críochfoirt lena mbaineann agus oibleagáid ar na bainisteoirí críochfoirt comhoibriú le chéile.
 - d) Chun castacht iomarcach a sheachaint i gcur i bhfeidhm comhthreomhar na bhforálacha de bhun an Rialacháin seo agus na **Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe**⁴, molann an Uachtaránacht go ndéanfaí ticéid ilmhódacha ar cuid de phacáiste iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.
10. In éineacht leis na hathruithe ar raon feidhme an Rialacháin seo, moladh go ndéanfaí roinnt athruithe ar an togra ón gCoimisiún, darb aidhm, ar thaobh amháin, na forálacha a shoiléiriú, agus ar an taobh eile, an t-ualach riaracháin a laghdú. Rinneadh ord (codanna) áirithe d'Airteagail a atheagrú chun inléiteacht an téacs a fheabhsú. D'fhéach an Uachtaránacht freisin le comhleanúnachas a choinneáil idir an togra seo agus an togra maidir le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas.

⁴ Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1, [ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2302/oj](http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2302/oj)).

11. Is fiú béim a leagan ar na hathruithe seo a leanas ar an mbuntogra ón gCoimisiún:

- a) Ós rud é go dtugtar isteach leis an togra oibleagáidí suntasacha ar na hoibreoirí a bhfuil baint acu le turais ilmhódacha a dhéantar faoi **thicéad ilmhódach aonair**, soiléiríodh coincheap an ticéid ilmhódaigh aonair chun a shonrú gur cheart do na hiompróirí a oibríonn seirbhísí iompair comhleanúnacha atá mar chuid den turas ilmhódach comhaontú a thabhairt i gcrích eatarthu chun na seirbhísí iompair sin a thairiscint mar chuid den turas ilmhódach sin.
- b) Soiléiríodh an caidreamh le **gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais**, lena n-áirítear reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí.
- c) Rinneadh soiléiriú ar phróiseáil sonraí pearsanta chun na ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh.
- d) Soiléiríodh **aisíocaíocht chostas iomlán an ticéid** a cuireadh in áirithe trí idirghabhálaí chun gur fearr a léireofar an cádlí, go háirithe maidir leis na táillí idirghabhála.
- e) I gcás **foirm choiteann d'aisíocaíocht agus cúiteamh**, moltar sa chomhréiteach an nós imeachta maidir le hiarrataí a dhéanamh ar aisíocaíocht agus ar chúiteamh a shoiléiriú agus a shimpliú. Rinneadh an córas teanga maidir le tíolacadh foirmeacha a shimpliú chun, ar thaobh amháin, an t-ualach riaracháin ar na hiompróirí agus ar na hidirghabhálaithe a laghdú, agus ar an taobh eile, an nós imeachta do phaisinéirí a éascú.
- f) Chun **ardcháilíocht seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe** a choimirciú, tugadh isteach oibleagáid ar iompróirí agus ar bhainisteoirí críochfoirt caighdeáin cháilíochta a bhunú maidir le ceanglais faisnéise agus rochtana, agus faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht.
- g) Soiléiríodh **dliteanas bainisteoirí críochfoirt agus iompróirí a thugann cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe** chun dlí an Aontais a chomhlíonadh ar thaobh amháin agus chun coinbhinsiúin idirnáisiúnta ar páirtí iontu é an tAontas a chomhlíonadh ar an taobh eile.

- h) A mhéid a bhaineann le **caighdeáin cáilíochta seirbhíse** ghinearálta, ba mhaith le roinnt toscaireachtaí measúnú a dhéanamh ar dtús ar chur chun feidhme na gceanglas atá ann cheana i Rialachán (AE) 2021/782 sula leathnófar iad chuig earnálacha eile.
- i) D'aontaigh na toscaireachtaí leis gur tábhachtach forfheidhmiú éifeachtach ceart paisinéirí san Aontas a áirithiú. Chun ualach riaracháin iomarcach ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a sheachaint, agus chun a neamhspleáchas a chaomhnú, scriosadh na forálacha maidir le **cur chuige rioscabhunaithe i leith faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh** agus maidir le **comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún**.
- j) Chun an faireachán a éascú a dhéanfaidh comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ar oibleagáidí a bheith á gcomhlíonadh ag idirghabhálaithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, beidh sé d'oibleagáid ar **idirghabhálaithe tríú tír** ionadaí dlíthiúil a ainmniú.
12. Ag an gcrúinniú deireanach a bhí ag an Meitheal, cuireadh in iúl gur dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an dul chun cinn a rinneadh agus mheas a bhformhór go raibh sé indéanta ullmhú do chur chuige ginearálta i mí na Nollag.
13. Ab 27 Samhain 2024 d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh mar ullmhúchán don Chomhairle. Léirítear sa téacs comhréitigh a chuirtear i láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo leasú breise a tugadh isteach le linn chruinniú Choiste na mBuanionadaithe maidir leis an tagairt do sheirbhísí ócáideacha bus in Airteagal 2(1), pointe (b). Ar an iomlán, thacaigh formhór mór na dtoscaireachtaí leis an téacs.

IV. CONCLÚID

14. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an téacs comhréitigh atá i gceangal leis an nóta seo, ag an gcrúinniú a bheidh aici an 5 Nollaig 2024.

2023/0436 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) agus Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

¹ IO C, C/2024/3382, 31.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/3382/oj>.

- (1) Tá feabhas mór curtha ar an gcosaint a thugtar do chearta paisinéirí a thaistealaíonn d'aer, ar muir agus d'uiscebhealaí intíre, de bhus agus de chóiste, agus d'iarnród i gcás ina gcuireann moilleanna fada agus cealuithe isteach ar a bpleananna taistil a bhuí le reachtaíocht earnála an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 261/2004², (CE) Uimh. 1107/2006³, (AE) Uimh. 1177/2010⁴, (AE) Uimh. 181/2011⁵ agus (AE) 2021/782⁶ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (2) Léirigh cur chun feidhme na gceart a bhunaítear agus a chosnaítear faoi na Rialacháin sin, áfach, go bhfuil easnaimh ann do phaisinéirí a théann ar thuras nó a bheartaíonn dul ar thuras lena mbaineann meascán de mhodhanna iompair, rud a chuireann cosc ar an leas iomlán a bheith á bhaint as cearta paisinéirí.
- (3) Faoi chuimsiú an chomhbheartais iompair, tá sé tábhachtach coimirciú a dhéanamh ar chearta paisinéirí agus iad ag athrú modhanna iompair chun cúnamh a thabhairt d'fhorbairt taistil ilmhódaigh agus feabhas a chur ar na roghanna taistil atá ar fáil do phaisinéirí.

-
- ² Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, IO L 46, 17.2.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/261/oj>.
 - ³ Rialachán (CE) 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer, IO L 204, 26.7.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1107/oj>.
 - ⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 334, 17.12.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1177/oj>).
 - ⁵ Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, (IO L 55, 28.2.2011, lch 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/181/oj>).
 - ⁶ Rialachán (AE) 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (IO L 172, 17.5.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/782/oj>).

- (4) Caighdeáin chosanta an Aontais a shocraítear le Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 maidir le taisteal ina n-úsáidtear modh iompair amháin, ba cheart iad a leathnú dá bhrí sin chun cearta paisinéirí a athraíonn modhanna iompair a chumhdach agus chun a áirithiú go mbeidh gnóthais a bhfuil baint acu le taisteal ilmhódach ag oibriú faoi rialacha comhchuibhithe.
- (5) Ba cheart cosaint dlí a sholáthar do phaisinéirí a théann ar thurais ilmhódacha i gcás nach ann d'aon reachtaíocht earnálach shonrach de chuid an Aontais.
- (6) Cearta paisinéirí a théann ar thurais ilmhódacha a bhunaítear sa Rialachán seo, ba cheart iad a bheith ina gcomhlánú ar an gcosaint a thugtar do na paisinéirí céanna sin cheana féin faoi reachtaíocht an Aontais atá ann cheana maidir le cearta paisinéirí. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí faoin reachtaíocht sin.
- (6a) Ba cheart ticéid do thuras ilmhódach a theacht faoi raon feidhme an tsainmhínithe ar 'ticéad ilmhódach aonair' nuair a bhíonn comhaontú déanta idir iompróirí a thairgeann ticéid mar sin chun seirbhísí iompair comhleanúnacha a thairiscint mar chuid de thuras den sórt sin fiú má tá coinníollacha iompair ar leithligh ag gach iompróir sa bhreis ar a leithéid de chomhaontú.
- (7) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le ticéid ilmhódacha aonair i gcás inar cuid de thuras láneagraithe iad agus ina n-éireoidh ceart chun aisíocaíochta faoi Threoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷. I bhfianaise na cosanta do phaisinéirí dá ndéantar foráil faoin Treoir sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach oiread maidir le ticéid ilmhódacha chomhcheangailte i gcás ina gcomhcheanglaíonn eagraí iad mar chuid de thuras láneagraithe.

⁷ Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L 326, 11.12.2015, lch. 1, ELI:<http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2302/oj>).

- (8) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar idirdhealú ar bhonn náisiúntacht an phaisinéara nó ar bhonn na háite san Aontas a bhfuil an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí bunaithe a thoirmeasc i gcás ina gcuirfidh iompróirí nó idirghabhálaithe coinníollacha conarthacha agus taraifí i gcomhair turais ilmhódacha ar fáil don phobail i gcoitinne. Níor cheart toirmeasc a chur ar tharaifí sóisialta, ar choinníoll go bhfuil bearta mar sin comhréireach agus neamhspleách ar náisiúntacht an phaisinéara lena mbaineann. I bhfianaise na forbartha ar ardáin ar líne a dhíolann ticéid iompair paisinéirí, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar a áirithiú nach ndéantar aon idirdhealú ar bhonn náisiúntacht an phaisinéara ná ar bhonn na háite san Aontas a bhfuil an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí bunaithe le linn phróiseas na rochtana ar chomhéadain ar líne nó le linn ticéid a cheannach. Ina theannta sin, beag beann ar an gcaoi a gceannaítear ticéad, ba cheart go mbeadh an leibhéal cosanta céanna ag an bpaisinéir.
- (9) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh iompróirí agus idirghabhálaithe a chuireann conarthaí iompair ar fáil chun críche turais ilmhódaigh an paisinéir ar an eolas faoin gcineál ticéid nó ticéad atá bainteach leis an turas sin agus faoina gcearta comhfhreagracha, go háirithe maidir le naisc a cailleadh. Go háirithe, ba cheart d'iompróirí agus d'idirghabhálaithe a thairgeann cineálacha ticéad nó ticéid le haghaidh turais ilmhódacha nach dtagann faoi raon feidhme ginearálta an Rialacháin seo paisinéirí a chur ar an eolas nach dtugann na ticéid sin teideal dá sealbhóir ar aon chearta faoin Rialachán seo, gan dochar dá gceart go gcuirfí ar an eolas iad faoi na coinníollacha ginearálta is infheidhme maidir leis na ticéid sin agus faoi na cearta agus na hoibleagáidí is infheidhme faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais maidir le cearta paisinéirí.

- (10) Is éasca an taisteal ilmhódach nuair a bhíonn rochtain ar fhaisnéis taistil, lena n-áirítear sonraí fíor-ama, rud a sholáthraíonn raon níos leithne turas féideartha do phaisinéirí. Maidir leis sin, leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún⁸ inrochtaineacht sonraí faisnéise taistil agus tráchta mar sin trí phointí rochtana náisiúnta. Ionas nach mbeidh aon ualach neamhriachtanach ar iompróirí a thairgeann ticéid ilmhódacha aonair, ba cheart dóibh a bheith in ann forálacha faoin Rialachán seo a chomhlíonadh maidir le faisnéis taistil a sholáthar d'iompróirí agus d'idirghabhálaithe eile a dhíolann a seirbhísí a mhéid a sholáthraíonn siad na sonraí sin do na pointí rochtana náisiúnta sin.
- (11) [...]
- (11a) Tá poncúlacht seirbhísí iompair tábhachtach i gcomhair turais ilmhódacha rianúla ach níor cheart tosaíocht a bheith ag an bponcúlacht ar shábháilteacht na seirbhíse iompair ná úsáideoirí eile an bhonneagair iompair. Go háirithe i gcás iompair de bhus agus de chóiste, i gcás ina roinneann na seirbhísí iompair na bóithre le go leor úsáideoirí bóthair eile agus ina ndéanann bearta tógála nó tráchta difear dóibh a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le moilleanna i gcónaí (mar shampla, mar gheall ar thimpistí, tranglam tráchta, láithreáin tógála, dúnadh bóithre agus/nó malairt slite), ba cheart aird ar leith a thabhairt ar rialacháin um thrácht ar bhóithre a urramú agus cloí leis na hamanna tiomána agus tréimhsí scíthe a fhorordaítear faoin dlí.
- (12) Paisinéirí a bhfuil ticéad ilmhódach aonair acu agus a chailleann nasc mar gheall ar mhoill nó cealú seirbhíse roimhe sin a airíodh sa ticéad sin, ba cheart iad a bheith in ann aisíocaíocht a dticéad a fháil nó athródú a fháil faoi choinníollacha sásúla, agus ba cheart cúram leormhaith a dhéanamh díobh le linn dóibh a bheith ag fanacht le nasc níos déanaí.

⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2017 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais (IO L 272, 21.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1926/oj).

- (12a) I gcásanna ina mbeidh gá le fanacht breise de bharr dálaí aimsire a chuirfeadh oibriú sábháilte na seirbhíse iompair i mbaol nó de bharr imthosca urghnácha nach bhféadfaí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta, ba cheart cead a bheith ag an iompróir teorainn a chur le fad na cóiríochta. I gcomhréir leis na prionsabail a nglactar go ginearálta leo, ba cheart gur faoi na hiompróirí a bheadh sé a chruthú gur gá an fanacht mar gheall ar na dálaí aimsire sin nó na cúinsí urghnácha sin.
- (13) I gcás ina gcuirfear ticéad ilmhódach aonair in áirithe trí idirghabhálaí, ba cheart don idirghabhálaí an paisinéir a chur ar an eolas faoin bpróiseas aisíocaíochta. Chuige sin, ba cheart don iompróir conarthach a shonrú go poiblí cé acu a théann nó nach dtéann sé i gcomhar le hidirghabhálaithe chun aisíocaíochtaí a phróiseáil, agus má théann sé hiad na hidirghabhálaithe lena ndéanann sé amhlaidh; ba cheart a mheas go bhfuil an oibleagáid sin á comhlíonadh ag an iompróir conarthach má chuireann sé liosta diúltach ar fáil d'idirghabhálaithe a gcinneann sé gan comhoibriú leo.
- (14) Tá faisnéis cheart a mhéid a bhaineann le seirbhís iompair ilmhódaigh fíor-riachtanach freisin i gcás ina gceannaíonn paisinéirí ticéid ó idirghabhálaithe. I gcás ina bhfuil idirghabhálaithe nó iompróirí ag díol ticéid ar leith le haghaidh seirbhísí iompair difriúla mar chuach i bhfoirm ticéid ilmhódaigh chomhcheangailte, ba cheart dóibh an paisinéir a chur ar an eolas go soiléir nach dtugtar an leibhéal céanna cosanta leis na ticéid sin agus a thugtar le ticéid ilmhódacha aonair, agus nár eisigh an t-iompróir nó na hiompróirí a sholáthraíonn an tseirbhís na ticéid sin mar thicéid ilmhódacha aonair. I gcás ina mainníonn idirghabhálaithe nó iompróirí a dhíol an ticéad ilmhódach comhcheangailte an ceanglas sin a chomhlíonadh, ba cheart go n-áireofaí ina ndliteanas aisíocaíocht chostas iomlán an ticéid faoi na coinníollacha céanna a mbeadh feidhm acu dá mba ticéad ilmhódach aonair a bhí ann.
- (14a) Ba cheart nósanna imeachta aisíocaíochta a bheith neamh-idirdhealaitheach agus rochtain éasca a bheith orthu. Chun cúrsaí a dhéanamh níos éasca do phaisinéirí iarraidh ar aisíocaíocht i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart foirm atá bailí ar fud an Aontais a bhunú d'iarrataí den sórt sin. Ba cheart do phaisinéirí a bheith in ann a n-iarrataí a chur isteach ar a leithéid sin d'fhoirm. Cé gur cleachtas forleathan anois é iarrataí ar aisíocaíocht a chur isteach ar bhealach leictreonach, ba cheart a dhóthain deiseanna a bheith ag paisinéirí iarrataí a chur isteach ar shlite eile seachas go leictreonach agus go ndéileálfaí go héifeachtúil lena chúram ar bhealach eile neamhleictreonach, mar shampla ar an nguthán nó tríd an bpost.

- (15) I bhfianaise Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, a tháinig i bhfeidhm san Aontas an 22 Eanáir 2011, agus chun deiseanna taistil ilmhódacha atá inchomparáide leis na deiseanna atá ag saoránaigh eile a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart rialacha a bhunú maidir le neamh-idirdhealú agus cúnamh le linn a dturais ilmhódaigh. Go sonrach, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhaisnéis a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir le hinrochtaineacht seirbhísí iompair, coinníollacha rochtana feithiclí agus maidir leis na saoráidí ar bord agus iad ag athrú modha. Má dhéantar faisnéis a sholáthar i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart í a sholáthar i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme amhail na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹. I bhfianaise na dtairbhí atá ann i dtéarmaí slándála, áisiúlachta agus inrochtaineachta, ba cheart do na Ballstáit úsáid na dtiachóg céannachta digítí Eorpaí a spreagadh chun críoch sainaitheantais agus fíordheimhniú i gcásanna iompair ilmhódaigh, rud a chabhródh go háirithe le daoine leochaileacha nó daoine faoi mhíchumas.
- (15a) Maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart aird ar leith a thabhairt agus a áirithiú gur féidir leo an t-aistriú a dhéanamh ó mhodh iompair amháin go modh iompair eile. Ba cheart d'iompróirí agus, i gcás inarb infheidhme, do bhainisteoirí críochfoirt cúnamh a chur ar fáil ionas go mbeidh an duine in ann teacht ar na seirbhísí nasctha iompair a bhfuil áirithint aige dóibh mar chuid den ticéad ilmhódach aonair. Ba cheart aon chúnamh ina dhiaidh sin a thabhairt de réir reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí.
- (15b) Dála na rialacha rochtana maidir le hiompar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart do na heagraíochtaí ionadaíocha do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus, i gcás inarb ábhartha, ionadaithe daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith rannpháirteach go gníomhach ina leagan síos. Ba cheart dul i gcomhairle leis na hionadaithe sin maidir le hábhar na rialacha rochtana sin agus ba cheart dóibh a bheith in ann a dtuairim a thabhairt faoi na rialacha céanna.

⁹ Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj>).

- (16) Chun rochtain ar sheirbhísí paisinéirí iarnróid a éascú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh na Ballstáit de cheangal ar iompróirí agus ar bhainisteoirí críochfoirt pointí teagmhála aonair náisiúnta a bhunú chun comhordú a dhéanamh maidir le sonraí agus le cúnamh.
- (17) [...]
- (17a) Ba cheart do bhainisteoirí críochfort agus iompróirí a thugann cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus na daoine sin ag athrú ó sheirbhís iompair amháin go nasc-sheirbhís iompair, i gcomhthéacs ticéid ilmhódaigh aonair, a bheith faoi dhliteanas i gcás inar cúis iad na bainisteoirí críochfoirt nó na hiompróirí sin le caillteanas trealaimh soghluaisteachta, lena n-áirítear cathaoireacha rothaí agus feistí cúnta, nó le damáiste do na nithe sin, nó le caillteanas nó díobháil madraí cuidithe aitheanta arna n-úsáid ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, le linn na tréimhse ina bhfuil siad i bhfeighil an chúnaimh a thabhairt do na daoine lena mbaineann. Maidir le hiompróirí, ós rud é go bhfuil na coinníollacha a bhaineann leis an dliteanas sin, i gcás modhanna áirithe iompair, go háirithe aeriompar agus muiriompar, faoi rialú ag coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu, go háirithe ag an gCoinbhinsiún maidir le haontú rialacha áirithe i dtaca le hiompar idirnáisiúnta d'aer (Coinbhinsiún Montréal), arna thabhairt i gcrích le Cinneadh 2001/539/CE ón gComhairle¹⁰, agus ag Coinbhinsiún na hAithne maidir le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste ar Muir, 1974, arna leasú le Prótacal 2002 ar aontaigh an tAontas dó le Cinneadh 2012/22/AE ón gComhairle¹¹ agus le Cinneadh 2012/23/AE ón gComhairle¹², ba cheart tagairt a dhéanamh do reachtaíocht earnála an Aontais is infheidhme maidir leis an modh iompair lena mbaineann, lena leagtar síos rialacha sonracha agus, i gcás inarb infheidhme, lena gcuirtear na coinbhinsiúin sin chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (18) [...]

¹⁰ Cinneadh 2001/539/CE ón gComhairle an 5 Aibreán 2001 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le hAontú Rialacha Áirithe i dtaca le hIompar Idirnáisiúnta d'Aer (Coinbhinsiún Montréal) ag an gComhphobal Eorpach (IO L 194, 18.7.2001, lch. 38, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2001/539/oj>).

¹¹ Cinneadh 2012/22/AE ón gComhairle an 12 Nollaig 2011 a bhaineann le haontachas an Aontais Eorpaigh le Prótacal 2002 a ghabhann le Coinbhinsiún na hAithne maidir le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste ar Muir, 1974, cé is moite d'Airteagal 10 agus Airteagal 11 de (IO L 8, 12.1.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2012/22/oj>).

¹² Cinneadh 2012/22/AE ón gComhairle an 12 Nollaig 2011 a bhaineann le haontachas an Aontais Eorpaigh le Prótacal 2002 a ghabhann le Coinbhinsiún na hAithne maidir le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste ar Muir, 1974, a mhéid a bhaineann le hAirteagal 10 agus Airteagal 11 de (IO L 8, 12.1.2012, lch. 13, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2012/23\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2012/23(1)/oj)).

- (19) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do chearta paisinéirí gearán a chur faoi bhráid comhlacht náisiúnta nó sásamh dlí a lorg i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le coinbhinsiúin idirnáisiúnta i gcás inarb infheidhme, lena n-áirítear cúiteamh a lorg as damáistí. Tá an Rialachán seo gan dochar freisin don cheart atá ag iompróirí, idirghabhálaithe agus bainisteoirí críochfoirt sásamh a lorg óna chéile nó ó thríú páirtithe, go háirithe caingne maidir le dliteanas conarthach nó neamhchonarthach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
- (20) Chun ardleibhéal cosanta don tomhaltóir a choinneáil san iompar ilmhódach, ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a ainmniú chun faireachán grinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus é a fhorfheidhmiú ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart na comhlachtaí sin a bheith in ann bearta forfheidhmiúcháin éagsúla a dhéanamh. Ba cheart paisinéirí a bheith in ann gearán a dhéanamh leis na comhlachtaí sin, nó le haon chomhlacht eile arna ainmniú ag Ballstát chuige sin, maidir le sáruithe ar an Rialachán a líomhnaítear. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh comhlacht náisiúnta forfheidhmithe a ainmniú atá ainmnithe freisin mar an comhlacht atá freagrach as rialacha eile an Aontais maidir le cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú.

- (21) Beidh próiseáil sonraí pearsanta i gceist le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear sonraí teagmhála na bpaisinéirí, go háirithe chun faisnéis a sholáthar do phaisinéirí, chun déileáil le hiarrataí ar chúnamh, aisíocaíocht agus athródú a sholáthar, agus chun gearáin ó phaisinéirí a láimhseáil. Ba cheart an phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanamh iompróirí, idirghabhálaithe agus bainisteoirí críochfoirt de bhun an Rialacháin seo a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, chun na gcríoch agus le linn na tréimhse a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart cead a bheith ag iompróirí, idirghabhálaithe agus bainisteoirí críochfoirt sonraí teagmhála na bpaisinéirí a bhailítear chun a n-oibleagáid maidir le faisnéis taistil na bpaisinéirí a chomhlíonadh a choinneáil ar feadh tréimhse nach faide ná 72 uair an chloig tar éis don turas a bheith curtha i gcrích. D'fhéadfadh sé gur ghá na sonraí pearsanta sin a choinneáil ar feadh 72 uair an chloig go háirithe chun ligean do na hoibreoírí sin paisinéirí a chur ar an eolas, tar éis an turas a chur i gcrích, i gcás inar tharla teagmhas, mar shampla cealú, cead bordála a dhiúltú, nasc a chailleadh nó moill, le linn an turais.
- I gcás suaithheadh turais, nó cealú turais, nó faisnéis faoi chearta paisinéirí a bhaineann le ticéad ilmhódach comhcheangailte, a bhféadfadh iarrataí ar aisíocaíocht agus gearáin a bheith mar thoradh air ina dhiaidh sin go háirithe, d'fhéadfadh tréimhse choinneála níos faide a bheith riachtanach chun ligean d'iompróirí, d'idirghabhálaithe agus do bhainisteoirí críochfoirt a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh maidir le cúnamh, aisíocaíocht agus athródú a sholáthar, agus maidir le gearáin a láimhseáil. Ba cheart aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/679.

¹³ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (*IO L 119, 4.5.2016, lch. 1*, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta paisinéirí, lena n-áirítear na sonraí sin a bheith á gcoinneáil ag iompróirí, idirghabhálaithe agus bainisteoirí críochfoirt, chun críoch eile seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos faoin Rialachán seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/679. Féadfaidh iompróirí, idirghabhálaithe agus bainisteoirí críochfoirt sonraí pearsanta paisinéirí a úsáid nó na sonraí sin a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná an tréimhse choinneála dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus chun na gcríoch eile sin i gcás ina bhfuil an phróiseáil sin bunaithe ar fhorálacha eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta. Féadfar a áireamh orthu sin próiseáil ar mhaithe le réiteach díospóide, lena n-áirítear imeachtaí breithiúnacha, a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Thairis sin, tá an Rialachán seo gan dochar do phróiseáil sonraí pearsanta bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta, ar beart riachtanach comhréireach í i sochaí dhaonlathach chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2016/679 a choimirciú. Go háirithe, tá sé gan dochar do phróiseáil sonraí pearsanta bunaithe ar Threoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ agus Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵, nó ar an dlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/679 nó ar dhlí an Aontais is infheidhme maidir le sábháilteacht agus slándáil eitlíochta. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil na hoibleagáidí chun faisnéis a sholáthar do phaisinéirí maidir lena gcearta gan dochar d'oibleagáid an rialaitheora faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí de bhun Airteagail 12, 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679.

(22) [...]

¹⁴ Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj>).

¹⁵ Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí a bhunú atá faoi réir cosc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE (IO L 344, 27.12.2005, lch. 15 ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/2111/oj>).

- (23) Ba cheart do na Ballstáit pionóis a leagan síos a bheidh infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus a áirithiú go gcuirfear na pionóis sin i bhfeidhm. Ba cheart do na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
- (24) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leormhaith, is iad sin margadh iompair ilmhódaigh paisinéirí an Aontais a fhorbairt agus cearta paisinéirí a bhunú i gcomhthéacs turas ilmhódach, agus ós fearr dá bhrí sin is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (25) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na foirmeacha coiteanna a ghlacadh le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht agus cúiteamh agus samhail-tuarascálacha ar ghníomhaíocht.
- (26) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 21, 26, 38 agus 47 maidir le cosc ar idirdhealú de chineál ar bith, lánpháirtíocht daoine faoi mhíchumas, ardleibhéal cosanta don tomhaltóir a áirithiú, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus trialach córa, faoi seach. Ní mór do chúirteanna na mBallstát an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cearta agus leis na prionsabail sin.

¹⁶ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

- (27) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷ agus thug sé a thuairim uaidh an 24 Eanáir 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹⁷ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear rialacha is infheidhme maidir le hiompar ilmhódach a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) neamh-idirdhealú idir paisinéirí i ndáil le coinníollacha iompair agus soláthar ticéad;
- (b) faisnéis do phaisinéirí;
- (c) cearta paisinéirí i gcás suaití taistil, go háirithe i gcomhthéacs naisc a cailleadh idir modhanna iompair éagsúla;
- (d) neamh-idirdhealú i gcoinne daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus cúnamh dóibh;
- (e) [...]
- (f) láimhseáil gearán;
- (g) rialacha ginearálta maidir le forghníomhú;
- (h) pionóis.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Gan dochar do mhír 1b den Airteagal seo ná do mhír 4 d'Airteagal 2a, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le turais ilmhódacha, arna dtairiscint ag iompróirí nó ag idirghabhálaithe do phaisinéirí i bhfoirm ticéid ilmhódacha aonair nó ticéid ilmhódacha chomhcheangailte, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá an turas comhdhéanta de sheirbhísí iompair a thagann faoi raon feidhme reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo agus nach gcumhdaítear le díolúine arna deonú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 nó Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2021/782. I gcás inar bhain na Ballstáit úsáid as díolúine de bhun Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2021/782 le haghaidh seirbhísí iarnróid, ní bheidh feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo maidir le céim iarnróid an turais ilmhódaigh. Féadfaidh na Ballstáit seirbhísí iarnróid uirbeacha, fo-uirbeacha agus réigiúnacha do phaisinéirí, agus seirbhísí iarnróid idirnáisiúnta do phaisinéirí, a n-oibrítear cuid shuntasach díobh, lena n-áirítear stad stáisiúin sceidealta amháin ar a laghad, a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, a mhéid céanna a dhíolmhaíonn siad na seirbhísí ó chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/782;
 - (b) i gcás inar cuid den turas í seirbhís iompair rialta de bhus nó de chóiste de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 181/2011, is é achar sceidealta na seirbhíse iompair sin 250 km nó níos mó; agus
 - (c) tá an turas comhdhéanta de sheirbhísí iompair a gcuirtear gach sceideal sonraithe díobh in iúl don phaisinéir sula gceannaítear an ticéad do thuras ilmhódach.

Chun críoch an Rialacháin seo, áirítear i reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí, de réir mar is ábhartha, Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782.

Ní chomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (c) i gcás ina n-úsáideann an paisinéir pas taistil nó ticéad séasúir le haghaidh seirbhís iompair amháin nó níos mó atá mar chuid den turas, ach amháin i gcás ina ndearna an paisinéir áirithint ina léirítear go sainráite sceideal sonrach de na seirbhísí iompair uile atá mar chuid den turas ilmhódach sin. I gcás nach gcomhlíonann seirbhís iompair amháin nó níos mó atá mar chuid den turas na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na codanna den turas sin ina bhfuil ar a laghad dhá sheirbhís iompair as a chéile de mhodhanna éagsúla iompair, a chomhlíonann na coinníollacha sin.

- 1a. Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le críochfoirt maidir leis na críochfoirt sin atá suite sna nóid uirbeacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2024/1679¹⁸, a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:
- (a) go bhfónann an críochfort mar phointe nasctha idir seirbhísí iompair de dhá mhodh iompair éagsúla ar a laghad a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointí (a) agus (b), den Airteagal seo;
 - (b) tá bainisteoir críochfoirt ag an gcríochfort; agus
 - (c) láimhseálann an críochfort 10 000 paisinéir, nó níos mó, ar an meán, in aghaidh an lae i gcaitheamh bliain féilire.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go mbeidh feidhm freisin ag forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le críochfoirt maidir le críochfoirt a láimhseálann níos lú ná 10 000 paisinéir in aghaidh an lae ar an meán i gcaitheamh bliain féilire.

¹⁸ Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlinnte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L 2024/1679, 28.6.2024, <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj>).

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin ... [2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le liosta na gcríochfort ar a gcríoch a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo agus déanfaidh siad nuashonruithe ar an liosta sin a sholáthar don Choimisiún de réir mar is iomchuí. Bunaithe ar an bhfaisnéis a gheofar ó na Ballstáit, foilseoidh an Coimisiún liosta na gcríochfort a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo ar a shuíomh gréasáin.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiompróirí, idirghabhálaithe agus bainisteoirí críochfoirt.

Airteagal 2a

Gaol le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais

1. Comhlánaíonn an Rialachán seo an chosaint a thugtar le reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo, tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar d'fhorálacha ábhartha reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí.
2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí.

Chun críoch an Rialacháin seo, áirítear go háirithe i reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹, agus Treoracha 2005/29/CE²⁰, 2011/83/AE²¹, 2013/11/AE²² agus (AE) 2020/1828²³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 93/13/CEE²⁴ ón gComhairle.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ticéid ilmhódacha i gcás inar cuid de phacáiste iad de réir bhrí Threoir (AE) 2015/2302.

-
- ¹⁹ Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2394/oj>).
- ²⁰ Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha') (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22, <http://data.europa.eu/eli/dir/2005/29/oj>).
- ²¹ Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/83/oj>).
- ²² Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj>).
- ²³ Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (IO L 409, 4.12.2020, lch. 1 ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2020/1828/oj>).
- ²⁴ Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1993/13/oj>).

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘turas ilmhódach’ turas paisinéara idir pointe imeachta agus ceann scríbe deiridh lena gcumhdaítear dhá sheirbhís iompair ar a laghad agus dhá mhodh iompair éagsúla ar a laghad;
- (2) ciallaíonn ‘iompróir’ duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas idirghabhálaí, a chuireann seirbhísí iompair ar fáil don phobal i gcoitinne, eadhon:
 - (a) aeriompróir oibriúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004;
 - (b) gnóthas iarnróid mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 2021/782;
 - (c) iompróir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010; agus
 - (d) iompróir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 181/2011;
- (2a) ciallaíonn ‘iompróir conarthach’ iompróir a thugann conradh iompair i gcrích le paisinéir i bhfoirm ticéad ilmhódach aonair;
- (3) ciallaíonn ‘idirghabhálaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas iompróir, atá ag gníomhú, chun críoch a bhaineann lena dtrádáil, lena ngnó nó lena ngairm, thar ceann iompróra nó paisinéara chun conarthaí iompair le haghaidh turais ilmhódacha a thabhairt i gcrích;
- (4) [...]
- (5) ciallaíonn ‘ticéad’ fianaise bhailí, gan beann ar a foirm, gur tugadh conradh iompair i gcrích;
- (5a) ciallaíonn ‘pas taistil’ nó ‘ticéad séasúir’ ticéad do líon neamhtheoranta turas a thugann turas ilmhódach don sealbhóir údaraithe le linn tréimhse shonraithe;

- (5b) ciallaíonn ‘áirithint’ údarú, ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach, a thugann teidlíocht chun iompair faoi réir socruithe iompair pearsantaithe arna ndearbhú roimh ré;
- (5c) ciallaíonn ‘costas iomlán an ticéid’ an praghas deiridh atá le híoc ag deireadh an phróisis áirithinte, lena n-áirítear na táillí do na seirbhísí iompair agus na cánacha, na muirir, na formhuirir agus na táillí uile is infheidhme a íoctar as na seirbhísí roghnacha agus neamhroghnacha uile a áirítear sa ticéad, cé is moite de tháillí idirghabhála, is cuma ar íocadh na breiseanna agus na táillí sin in éineacht leis na táillí don tseirbhís iompair nó ar leithligh ag céim níos déanaí;
- (5d) ciallaíonn ‘táille idirghabhála’ aon difríocht idir an méid a d’íoc an paisinéir agus an méid a fuair an t-iompróir as an tseirbhís chéanna, agus a bhailíonn an t-idirghabhálaí;
- (5e) ciallaíonn ‘meán marthanach’ aon ionstraim lena gcuirtear ar chumas an phaisinéara faisnéis a stóráil ar bhealach inrochtana sa dóigh is gur féidir tagairt di sa todhchaí go ceann tréimhse leordhóthanach chun críocha na faisnéise agus a fhágann gur féidir an fhaisnéis a dhéanfar a stóráil a atáirgeadh gan í a athrú;
- (6) ciallaíonn ‘conradh iompair’ conradh iompair idir iompróir agus paisinéir chun seirbhís iompair amháin nó níos mó a sholáthar;
- (7) ciallaíonn ‘ticéad ilmhódach aonair’ ticéad do thuras ilmhódach, a cheannaítear trí bhíthin idirbheart tráchtála aonair, arb ionann é agus conradh iompair aonair agus a bhfuil seirbhísí iompair comhleanúnacha ann, a bhfuil sceideal sonraithe ag gach ceann díobh, arna n-oibriú ag iompróir amháin nó níos mó a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích eatarthu chun na seirbhísí iompair sin a thairiscint mar chuid den turas sin;
- (8) ciallaíonn ‘ticéad ilmhódach comhcheangailte’ ticéad nó ticéid le haghaidh turas ilmhódach arb ionann é agus conarthaí iompair ar leithligh agus ina bhfuil seirbhísí iompair comhleanúnacha, a bhfuil sceideal sonraithe ag gach ceann díobh, a chomhcheanglaíonn iompróir nó idirghabhálaí le chéile ar a thionscnamh féin, agus a cheannaíonn an paisinéir trí bhíthin idirbheart tráchtála aonair;
- (9) [...]

- (10) ciallaíonn ‘seirbhís iompair’ seirbhís iompair paisinéirí a oibrítear idir críochfoirt nó stadanna de réir amchláir, lena n-áirítear seirbhísí iompair a chuirtear ar fáil le haghaidh athródú;
- (11) go (18) [...]
- (19) ciallaíonn ‘críochfort’ aerfort mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (j), de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, stáisiún iarnróid mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (22), de Rialachán (AE) 2021/782, críochfort calafoirt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (k), de Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 nó críochfort bus nó cóiste mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (m), de Rialachán (AE) Uimh. 181/2011;
- (20) ciallaíonn ‘bainisteoir críochfoirt’ comhlacht bainistithe an aerfoirt mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (f), de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, bainisteoir stáisiúin iarnróid mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán (AE) 2021/782, oibreoir críochfoirt calafoirt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 nó comhlacht bainistithe críochfoirt bus mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (o), de Rialachán (AE) Uimh. 181/2011;
- (21) [...]
- (22) [...]
- (23) ciallaíonn ‘nasc a cailleadh le linn turas ilmhódach’ cás ina gcailleann paisinéir seirbhís iompair amháin nó níos mó le linn turas ilmhódach, de thoradh moill tráth imeachta nó teachta, nó cealú seirbhíse iompair amháin nó níos mó roimhe sin, nó de thoradh imeacht seirbhíse iompair roimh an am imeachta sceidealaithe, nó cead bordála a dhiúltú, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (j), de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004;
- (24) ciallaíonn ‘duine faoi mhíchumas’ agus ‘duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe’ aon duine ar a bhfuil mallachar fisiceach, meabhrach, intleachta nó céadfach, buan nó sealadach, a d’fhéadfadh, ar idirghníomhú le bacainní éagsúla dó nó di, bac a chur air nó uirthi úsáid iomlán agus éifeachtach a bhaint as córacha iompair ar bhonn comhionann le paisinéirí eile nó a bhfuil a shoghluaisteacht nó a soghluaisteacht laghdaithe le linn córacha iompair a úsáid dó nó di de thoradh aoise;

- (24a) ciallaíonn ‘formáid inrochtana’ formáid lena dtugtar rochtain ar aon fhaisnéis ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, lena n-áirítear rochtain a thabhairt do na daoine sin atá chomh furasta agus compordach leis an rochtain a thugtar do dhaoine gan mhallachar nó míchumas, agus a chomhlíonann na ceanglais inrochtaineachta a shainítear i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882, mar shampla;
- (24b) ciallaíonn ‘madra cuidithe aitheanta’ madra atá oile go sonrach chun neamhspleáchas agus féinchinntiúchán daoine faoi mhíchumas a mhéadú agus a aithnítear go hoifigiúil i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, i gcás inarb ann do na rialacha sin.
- (25) [...]

Airteagal 3a

Comhar idir bainisteoirí críochfoirt

Comhoibreoidh bainisteoirí críochfoirt na gcríochfort dá dtagraítear in Airteagal 2(1b) le chéile chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh agus cuirfidh siad na paisinéirí ar an eolas maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm.

Chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar bhainisteoirí na gcríochfort dá dtagraítear in Airteagal 2(1b) comhaontú comhair a ghlacadh chun a bhfreagrachtaí oibríochtúla agus dáileadh réasúnach comhréireach iarmhairtí airgeadais an chomhaontaithe sin a chinneadh, nó, in éagmais an chinnidh sin, na rialacha comhair is infheidhme maidir leis na bainisteoirí críochfoirt lena mbaineann a chinneadh.

Airteagal 3b

Sonraí pearsanta a phróiseáil

Ní fhéadfaidh iompróirí, idirghabhálaithe ná bainisteoirí críochfoirt na gcríochfort dá dtagraítear in Airteagal 2(1b) sonraí pearsanta arna bpróiseáil de bhun an Rialacháin seo a úsáid ach amháin a mhéid is gá chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh maidir le ceart an phaisinéara chun faisnéise, soláthair cúnamh, athródaithe agus aisíocaíochta agus maidir le gearáin a láimhseáil.

Chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le ceart an phaisinéara chun faisnéise, féadfaidh iompróirí, idirghabhálaithe agus bainisteoirí críochfoirt na sonraí sin a choimeád ar feadh tréimhse nach faide ná 72 uair an chloig tar éis an turas ilmhódach a bheith tugtha i gcrích.

Chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh maidir le ceart paisinéirí chun faisnéise a bhaineann le ticéad ilmhódach comhcheangailte faoi Airteagal 4a(2), soláthair cúnamh, athródaithe agus aisíocaíochta, féadfaidh iompróirí, idirghabhálaithe agus bainisteoirí críochfoirt sonraí pearsanta paisinéirí a choinneáil ar feadh níos mó ná 72 uair an chloig tar éis an turas ilmhódach a bheith tugtha i gcrích a mhéid is fíorghá chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta is infheidhme.

CAIBIDIL II

CONARTHAÍ IOMPAIR AGUS FAISNÉIS

Airteagal 4

Coinníollacha conarthacha agus taraifí neamh-idirdhealaitheacha

Gan dochar do tharaifí sóisialta, cuirfidh iompróirí nó idirghabhálaithe coinníollacha conarthacha agus taraifí i gcomhair turais ilmhódacha ar fáil don phobal i gcoitinne gan idirdhealú, díreach ná indíreach, ar bhonn náisiúntacht an phaisinéara nó ar bhonn na háite laistigh den Aontas ina bhfuil an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí bunaithe.

Faisnéis do phaisinéirí maidir lena gcearta

1. Nuair a bheidh ticéid le haghaidh turas ilmhódach á dtairiscint acu agus sula gceannófar iad, cuirfidh iompróirí agus idirghabhálaithe na paisinéirí ar an eolas faoin méid seo a leanas:
 - (a) an cineál ticéid nó ticéad atá á thairiscint nó á dtairiscint, go háirithe más ticéad ilmhódach aonair nó ticéad ilmhódach comhcheangailte atá sa ticéad nó sna ticéid;
 - (b) na coinníollacha ginearálta is infheidhme ar an ticéad;
 - (c) cearta agus oibleagáidí an phaisinéara, an iompróra agus an idirghabhálaí faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais maidir le cearta paisinéirí, lena n-áirítear faisnéis faoin bpróiseas aisíocaíochta, ar cearta agus oibleagáidí iad a ghabhann leis an gcineál ticéid; agus
 - (d) i gcás ticéad ilmhódach aonair, céannacht an iompróra chonarthaigh agus a shonraí teagmhála.

Chun an ceanglas faisnéise a leagtar amach i bpointe (c) den chéad fhomhír a chomhlíonadh, féadfaidh an t-iompróir agus an t-idirghabhálaí úsáid a bhaint as achoimre ar fhorálacha an Rialacháin seo agus ar reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais maidir le cearta paisinéirí, achoimre arna hullmhú ag an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus arna cur ar fáil don phobal.

2. Cuirfidh idirghabhálaí nó iompróir a dhíolann ticéad ilmhódach comhcheangailte in iúl don phaisinéir, sula gceannófar é, gurb é atá sa ticéad ilmhódach comhcheangailte conarthaí iompair ar leithligh nach bhfuil aon chearta ag baint leo faoi Airteagail 7, 8 ná 9 maidir le haisíocaíocht, athródu nó cúnamh i gcás nasc caillte. Soláthrófar an fhaisnéis sin ar bhealach soiléir inrochtana ar mheán marthanach tráth a dhíolfar an ticéad.
- 2a. I gcás ina n-aistreofar oibleagáidí an iompróra chonarthaigh a leagtar amach in Airteagail 7, 8 agus 9 chuig iompróir eile, cuirfidh idirghabhálaí a dhíolann ticéad ilmhódach aonair nó iompróir conarthach céannacht an iompróra sin agus a shonraí teagmhála in iúl don phaisinéir. Cuirfear an fhaisnéis sin in iúl roimh an gceannach nó a luaithe a bheidh sí ar fáil.

3. Cuirfidh iompróirí agus idirghabhálaithe a thairgeann ticéid ilmhódacha aonair nó chomhcheangailte paisinéirí ar an eolas freisin ar bhealach soiléir inrochtana maidir le sonraí teagmhála an chomhlachta nó na gcomhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 20(1) agus, i gcás inarb ábhartha, maidir lena bhfreagrachtaí faoi seach.
4. Soláthróidh iompróirí agus idirghabhálaithe an fhaisnéis de bhun an Airteagail seo ar mheán marthanach, lena n-áirítear i bhformáidí inrochtana.
5. I gcás cealú, diúltú ceada bordála, nasc caillte nó moill ar imeacht nó ar theacht, faoi chuimsiú turais ilmhódacha faoi thicéad ilmhódach aonair nó ticéad ilmhódach comhcheangailte, cuirfidh iompróirí a dhíolann an ticéad ilmhódach agus, a mhéid is féidir, idirghabhálaithe in iúl an áit ar féidir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a fháil.

Airteagal 5

Faisnéis taistil do phaisinéirí

1. [...]
2. Sula gceannófar iad, cuirfidh iompróirí agus idirghabhálaithe a thairgeann ticéid thar ceann iompróir amháin nó níos mó chun críche turais ilmhódaigh an méid seo a leanas ar fáil don phaisinéir:
 - (a) treoir ghinearálta maidir leis na hamanna naisc íosta idir na cineálacha éagsúla seirbhísí iompair arna dtairiscint mar chuid den turas ilmhódach;
 - (b) sceidil ama agus coinníollacha maidir leis an turas ilmhódach is tapúla a thairgeann an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí, lena n-áirítear sceideal sonrach do na seirbhísí iompair uile atá mar chuid den turas ilmhódach;
 - (c) sceidil ama agus coinníollacha maidir leis na táillí uile atá ar fáil don turas ilmhódach a thairgeann an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí, lena n-áirítear sceideal sonrach do na seirbhísí iompair uile atá mar chuid den turas ilmhódach, agus aird á díriú ar na táillí is ísle.

- 2a. Cuirfidh idirghabhálaithe paisinéirí ar an eolas, roimh an gceannach, faoi na táillí idirghabhála a chuirfear i bhfeidhm agus faoi mhéid na dtáillí sin a d'fhéadfaí a aisíoc de bhun Airteagal 8.
3. Cuirfidh bainisteoirí na gcríochfort dá dtagraítear in Airteagal 2(1b) faisnéis ar fáil go poiblí maidir leis na hamanna naisc íosta idir na cineálacha éagsúla seirbhísí iompair a oibrítear ag an gcríochfort agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointí (a) agus (b).
4. Déanfaidh iompróirí agus idirghabhálaithe a thairgeann ticéid thar ceann iompróir amháin nó níos mó chun críche turais ilmhódaigh an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don phaisinéir roimh an turas ilmhódach:
- (a) go (c) [...]
 - (d) suaitheadh agus moilleanna a chuireann isteach ar an turas ilmhódach, nó léiriú ar an áit ar féidir teacht ar fhaisnéis fíor-ama maidir le suaitheadh agus moilleanna; agus
 - (e) nósanna imeachta chun gearáin a chur isteach faoi Airteagal 18.
5. Cuirfidh iompróirí agus, a mhéid is féidir, idirghabhálaithe a thairgeann ticéid ilmhódacha aonair agus ticéid ilmhódacha chomhcheangailte an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phaisinéir le linn an turais:
- (aa) i gcás moill ar theacht nó ar imeacht, nó cealú seirbhíse, am imeachta measta agus am teachta measta na seirbhíse nó na seirbhíse ionaid;
 - (a) [...]
 - (b) príomh-nascsheirbhísí iompair; agus
 - (c) fadhbanna sábháilteachta agus slándála a tharlaíonn ar bord na seirbhíse iompair agus ag críochfoirt agus a bhfuil tionchar acu ar an turas atá i gceist.

6. Léireofar sceideal sonracha na seirbhísí iompair uile atá ina gcuid den turas ilmhódach, dá dtagraítear i mír 2, pointí (b) agus (c), go sainráite agus go soiléir ar mheán marthanach. Soláthrófar an fhaisnéis eile dá dtagraítear i míreanna 1 agus 5 san fhormáid is iomchuí, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide iomchuí.

Soláthrófar an fhaisnéis uile i bhformáid inrochtana.
7. I gcás ina soláthraítear faisnéis trí mheán leictreonach cumarsáide, áiritheoidh iompróirí agus idirghabhálaithe gur féidir aon chomhfhreagrais i scríbhinn a choimeád, lena n-áirítear dáta agus am an chomhfhreagrais sin, lena úsáid arís ina dhiaidh sin. Is ar na hiompróirí agus na hidirghabhálaithe a bheidh an dualgas cruthúnais maidir le cé acu ar sholáthar nó nár sholáthar siad an fhaisnéis riachtanach do phaisinéirí agus maidir le cathain a rinne siad amhlaidh. Cuirfidh gach modh cumarsáide ar chumas an phaisinéara teagmháil a dhéanamh leis na hiompróirí agus na hidirghabhálaithe go tapa agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach.

Airteagal 5a

Dliteanas i gcás nach soláthrófar faisnéis maidir le cearta paisinéirí i dtaca le ticéad ilmhódach comhcheangailte

1. I gcás ina gcaillfidh an paisinéir nasc le seirbhís iompair eile le linn turas ilmhódach arna dhéanamh faoi thicéad ilmhódach comhcheangailte agus i gcás nach gcruthóidh an t-idirghabhálaí nó an t-iompróir a dhíol an ticéad ilmhódach comhcheangailte gur soláthraíodh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4a(2) don phaisinéir, beidh an t-idirghabhálaí nó an t-iompróir sin faoi dhliteanas an méid a íocadh ar an ticéad sin a aisíoc i gcomhréir le hAirteagal 7(1), pointe (a). Beidh an ceart chun aisíocaíochta gan dochar don dlí náisiúnta is infheidhme lena ndeonaítear cúiteamh breise do phaisinéirí i leith damáiste.
2. Beidh an t-idirghabhálaí nó an t-iompróir a dhíol an ticéad ilmhódach comhcheangailte freagrach as iarrataí agus gearáin a d'fhéadfadh an paisinéir a dhéanamh faoi mhír 1 a láimhseáil.
3. Íocfar an aisíocaíocht dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh sin a fháil.

Airteagal 5b

Faisnéis arna haistriú ag an idirghabhálaí

I gcás nach go díreach ón iompróir ach trí idirghabhálaí a gheobhaidh an paisinéir ticéad ilmhódach aonair, cuirfidh an t-idirghabhálaí sin an t-iompróir conarthach ar an eolas tráth na háirithinte go bhfuil an ticéad curtha in áirithe aige mar idirghabhálaí, agus soláthróidh sé sonraí teagmhála an phaisinéara agus na sonraí áirithinte don iompróir. Soláthróidh an t-idirghabhálaí a shonraí teagmhála poist agus leictreonaí féin don iompróir sin freisin.

Airteagal 6

Rochtain ar fhaisnéis taistil ag iompróirí agus idirghabhálaithe

1. Iompróirí a thairgeann ticéid ilmhódacha aonair, tabharfaidh siad rochtain ar an bhfaisnéis taistil dá dtagraítear in Airteagal 5(2) go (5) d'iompróirí agus idirghabhálaithe eile a dhíolann a dticéid ar bhonn conradh nó socrú eile eatarthu.
2. Iompróirí a chuireann ticéid ilmhódacha aonair ar fáil, dáilfidh siad an fhaisnéis sin agus deonóidh siad rochtain uirthi ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus gan moill mhíchuí. Is leor iarraidh aonuaire a dhéanamh chun rochtain leanúnach a fháil ar fhaisnéis. An t-iompróir ar a bhfuil sé d'oibleagáid faisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le mír 1, féadfaidh sé a iarraidh go dtabharfaí conradh nó socrú eile i gcrích, ar ar a bhonn a dháiltear faisnéis nó a dheonaítear rochtain uirthi. Ní chuirfidh téarmaí agus coinníollacha aon chonartha nó socraithe le haghaidh úsáid na faisnéise srian gan ghá le féidearthachtaí chun í a athúsáid. Ní úsáidfear na téarmaí agus coinníollacha chun srian a chur leis an iomaíocht.
3. Dáilfear faisnéis agus cuirfear rochtain uirthi ar fáil trí mhodhanna teicniúla iomchuí, comhéadain feidhmchláir, mar shampla. Áiritheofar go mbeidh na comhéadain feidhmchláir sin i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar síos sna gníomhartha cur chun feidhme a ghlactar faoi Threoir (AE) 2016/797.

4. I gcás ina gcuirtear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar fáil i gcomhréir le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, go háirithe gníomhartha tarmlichte arna nglacadh de bhun Airteagal 6(8) de Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵, measfar na hoibleagáidí faoin Airteagal seo a bheith comhlíonta i ndáil leis an bhfaisnéis sin.

CAIBIDIL III

NAISC A CAILLEADH LE LINN TURAS ILMHÓDACHA ARNA NDÉANAMH FAOI THICÉAD ILMHÓDACH AONAIR

Airteagal 7

Aisíocaíocht agus athródú

1. I gcás ina gcailltear nasc le linn turas ilmhódach arna dhéanamh faoi thicéad ilmhódach aonair, nó i gcás ina measann an t-iompróir conarthach le réasún go gcaillfear an cineál sin naisc, tabharfaidh an t-iompróir conarthach rogha láithreach don phaisinéir idir na féidearthachtaí seo a leanas:
- (a) aisíocaíocht chostas iomlán an ticéid, ar na coinníollacha céanna ar ar ceannaíodh é, don chuid nó do na codanna de thuras an phaisinéara nach ndearnadh agus don chuid nó do na codanna a rinneadh cheana mura bhfónann an turas a thuilleadh do phlean taistil tosaigh an phaisinéara, maille le seirbhís fillte, nuair is ábhartha, chuig an gcéad áit imeachta a luaithe is féidir;
 - (b) leanúint nó athródú, ar choinníollacha iompair inchomparáide, chuig an gceann scríbe deiridh a luaithe is féidir;

²⁵ Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/40/oj>).

- (c) leanúint nó athródú, ar choinníollacha iompair inchomparáide, chuig an gceann scríbe deiridh ar dháta níos déanaí de réir mar is áisiúil don phaisinéir.

Déanfaidh an t-iompróir conarthach na socruithe is gá le haghaidh rogha an phaisinéara. Féadfaidh an t-iompróir conarthach próiseáil na haisíocaíochta nó an athródaithe a chur de chúram ar iompróir eile, ar choinníoll go gcuirfear an paisinéir ar an eolas faoi aistriú na gcúraimí sin i gcomhréir le hAirteagal 4a(1), pointe (d). Ní dhéanfaidh aistriú na gcúraimí chuig iompróir eile difear do fhreagracht dhlíthiúil an iompróra chonarthaigh.

2. Más rud é, chun críocha mhír 1, pointí (b) agus (c), gurb é an t-iompróir céanna a bheidh ag oibriú athródú inchomparáide nó go gcoimisiúnaítear iompróir eile chun an t-athródú a dhéanamh, ní bheidh costais bhreise ar an bpaisinéir. Tá feidhm ag an gceanglas sin freisin nuair a bhíonn úsáid iompair de ghrád seirbhíse níos airde agus modhanna iompair mhalartacha i gceist leis an athródú. Déanfaidh iompróirí iarracht réasúnta naisc bhreise a sheachaint, sa chaoi go mbeidh an mhoill ar an am taistil iomlán chomh gearr agus is féidir.
3. Agus seirbhís mhalartach á cur ar fáil ag soláthraithe seirbhísí athródaithe iompair, soláthróidh siad do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe leibhéal cúnaimh agus inrochtaineachta atá inchomparáide le leibhéal na seirbhíse iompair a cailleadh. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí athródaithe iompair aird ar leith chun go soláthrófar seirbhísí malartacha atá iomchuí dá riachtanais do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ar seirbhísí iad a d'fhéadfadh a bheith difriúil leis na cinn a chuirtear ar fáil do phaisinéirí eile.
4. Íocfar an aisíocaíocht dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh sin a fháil. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar iompróirí conarthacha glacadh leis na hiarrataí sin trí mhodhanna áirithe cumarsáide, ar choinníoll nach geruthaíonn an ceanglas éifeachtaí idirdhealaitheacha. Féadfaidh an aisíocaíocht a bheith i bhfoirm airgid, dearbhán nó soláthar seirbhísí eile ar choinníoll go bhfuil téarmaí na ndearbhán agus na seirbhísí sin solúbtha go leordhóthanach, go háirithe maidir leis an tréimhse bhailíochta agus leis an gceann scríbe, agus go gcomhaontaíonn an paisinéir go sainráite glacadh leis na dearbháin agus na seirbhísí sin. Ní asbhainfear den aisíocaíocht ar chostas iomlán an ticéid costais idirbheart airgid a bhaineann leis an aisíocaíocht, cuir i gcás táillí, costais teileafóin nó stampaí.

Aisíocaíocht i gcás inar cuireadh an ticéad ilmhódach aonair in áirithe trí idirghabhálaí

1. I gcás inar chuir an paisinéir an ticéad ilmhódach aonair in áirithe trí idirghabhálaí, féadfaidh an t-iompróir conarthach an aisíocaíocht dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (a), a dhéanamh tríd an idirghabhálaí sin. Sa chás sin, aisíocfaidh an t-idirghabhálaí an paisinéir i gcomhréir le míreanna 3 agus 5 den Airteagal seo.

Cuirfidh iompróirí in iúl go poiblí, ar bhealach atá soiléir, cuimsitheach agus inrochtana go héasca, cé acu atá nó nach bhfuil siad toilteanach aisíocaíochtaí a phróiseáil trí idirghabhálaithe, agus cé na hidirghabhálaithe lena ndéanfaidís amhlaidh.

I gcás nach bhfuil baint ag an idirghabhálaí leis an bpróiseas aisíocaíochta, beidh feidhm ag Airteagal 7(1), pointe (a), maidir leis an aisíocaíocht.
2. Cuirfidh an t-idirghabhálaí an paisinéir ar an eolas maidir leis an bpróiseas aisíocaíochta dá ndéantar foráil san Airteagal seo ar bhealach atá soiléir, cuimsitheach agus inrochtana go héasca tráth na háirithinte agus ar dhearbhu na háirithinte.
3. Beidh aisíocaíocht tríd an idirghabhálaí saor in aisce do phaisinéirí. Ní asbhainfear den aisíocaíocht costais idirbheart airgid a bhaineann leis an aisíocaíocht, cuir i gcás táillí, costais teileafóin nó stampaí.
4. [...]
5. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas i gcás aisíocaíocht trí idirghabhálaithe a d'íoc an t-iompróir conarthach as an ticéad ilmhódach aonair óna gcuntais féin:
 - (a) aisíocfaidh an t-iompróir conarthach leis an idirghabhálaí an tsuim a fuair sé ar an ticéad ón idirghabhálaí laistigh de 15 lá ón dáta a cuireadh rogha an phaisinéara maidir le haisíocaíocht in iúl don iompróir conarthach i gcomhréir le hAirteagal 7(1), pointe (a), den Rialachán seo.

Déanfaidh an t-idirghabhálaí costas iomlán an ticéid agus na táillí idirghabhála is inaisíoctha i gcomhréir le hAirteagal 5(2a) a aisíoc leis an bpaisinéir tríd an modh íocaíochta bunaidh a d'úsáid an paisinéir, nó a úsáideadh thar ceann an phaisinéara, tráth a cuireadh an tseirbhís iompair in áirithe, laistigh de 15 lá ar a dhéanaí, agus cuirfidh sé an paisinéir agus an t-iompróir conarthach ar an eolas faoin méid sin. Mura bhfuil an modh íocaíochta sin ar fáil a thuilleadh, rachaidh an t-idirghabhálaí i dteagmháil leis an bpaisinéir chun na sonraí íocaíochta a fháil;

- (b) mura bhfaigheann an paisinéir an aisíocaíocht laistigh de 30 lá ón dáta a roghnaítear aisíocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 7(1), pointe (a), déanfaidh an t-iompróir conarthach teagmháil leis an bpaisinéir ar a dhéanaí an lá tar éis dhul in éag na tréimhse 30 lá chun na sonraí íocaíochta a fháil le haghaidh na haisíocaíochta. Tar éis dó na sonraí íocaíochta sin a fháil, déanfaidh an t-iompróir conarthach costas iomlán an ticéid agus na táillí idirghabhála is inaisíoctha i gcomhréir le hAirteagal 5(2a) a aisíoc leis an bpaisinéir, ach amháin má gearradh na táillí sin i ngan fhios don iompróir conarthach. Aisíocfaidh an t-iompróir conarthach an paisinéir laistigh de 30 lá agus cuirfidh sé an paisinéir agus an t-idirghabhálaí ar an eolas maidir leis sin. Féadfaidh an t-iompróir conarthach próiseáil na haisíocaíochta a chur de chúram ar iompróir eile, ar choinníoll go gcuirfear an paisinéir ar an eolas faoi aistriú na gcúraimí sin i gcomhréir le hAirteagal 4a(1), pointe (d). Ní dhéanfaidh aistriú na gcúraimí chuig iompróir eile difear do fhreagracht dhlíthiúil an iompróra chonarthaigh.

Airteagal 9

Cúnamh

1. I gcás nasc a cailleadh le linn turas ilmhódach a rinneadh faoi thicéad ilmhódach aonair, déanfaidh an t-iompróir conarthach an méid a leanas a thairiscint do na paisinéirí saor in aisce:
 - (a) béilí agus deochanna i gcomhréir réasúnta leis an tréimhse fanachta, má bhíonn siad ar fáil ar an tseirbhís iompair nó sa chríochfort, nó más féidir iad a sholáthar go réasúnta, agus critéir éagsúla á gcur san áireamh, cuir i gcás an fad ón soláthróir, an t-am is gá don seachadadh agus an costas;

- (b) cóiríocht óstáin nó cóiríocht eile, agus iompar idir an críochfort agus an t-ionad cóiríochta, i gcásanna ina dtiocfaidh fanacht oíche amháin nó níos mó chun bheith riachtanach, i gcás inar féidir agus nuair is féidir go fisiceach. I gcásanna ina bhfuil gá le fanacht bhreise de bharr dálaí aimsire a chuireann oibriú sábháilte na seirbhíse iompair i mbaol nó de bharr imthosca urghnácha nach bhféadfaí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta, féadfaidh an t-iompróir conarthach tréimhse na cóiríochta a theorannú go trí oíche ar a mhéad.
2. Agus mír 1 á cur i bhfeidhm aige, tabharfar aird ar leith ar riachtanais mionaoiseach neamhthionlactha, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, chomh maith le riachtanais aon duine a bheidh á dtionlacan agus madraí cuidithe aitheanta.
3. Féadfaidh an t-iompróir conarthach próiseáil an chúnamh faoin Airteagal seo a chur de chúram ar iompróir eile, ar choinníoll go gcuirfear an paisinéir ar an eolas faoi aistriú na gcúraimí sin i gcomhréir le hAirteagal 4a(1), pointe (d). Ní dhéanfaidh aistriú na gcúraimí chuig iompróir eile difear do fhreagracht dhlíthiúil an iompróra chonarthaigh.

Airteagal 10

[...]

Airteagal 11

Iarrataí ar aisíocaíocht a chur isteach

0. Cuirfidh iompróirí agus idirghabhálaithe an paisinéir ar an eolas go soiléir faoin bhfaisnéis a bheidh le soláthar agus iarraidh ar aisíocaíocht á déanamh acu faoi Airteagal 5a, Airteagal 7 agus Airteagal 8.
- 0a. Beidh sé de cheart ag paisinéirí a n-iarrataí ar aisíocaíocht a chur isteach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1, an fhoirm arna soláthar ag an iompróir nó ag an idirghabhálaí i gcomhréir le mír 3 nó ar aon mhodh eile. Ní dhiúltoídís iompróirí ná idirghabhálaithe iarraidh ar aisíocaíocht toisc nár úsáid an paisinéir an fhoirm a chuir an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí ar fáil nó an fhoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 ná toisc gur sheol sé an fhoirm trí mhodh eile seachas modh leictreonach dá dtagraítear i mír 3.

Beidh sé de cheart ag paisinéirí a n-iarraidh a chur isteach i dteanga na háirithinte ar a laghad.

Mura bhfuil an iarraidh beacht go leor, iarrfaidh an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí ar an bpaisinéir an iarraidh a shoiléiriú agus a chomhlánú.

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear foirm choiteann le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht faoin Rialachán seo. Bunófar an fhoirm choiteann sin i bhformáidí inrochtana. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

Cuirfidh an Coimisiún an fhoirm choiteann ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais ar a shuíomh gréasáin.

2. [...]

3. Déanfaidh iompróirí agus idirghabhálaithe, i gcás inar féidir agus gan moill mhíchuí, foirm le haghaidh iarrataí ar aisíocaíocht faoi Airteagal 5a, Airteagal 7 agus Airteagal 8 a bhunú agus a tharchur chuig paisinéirí, nó nasc a thabhairt dóibh lena gceadófar rochtain dhíreach ar an bhfoirm sin nó ar an bhfoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Soláthróidh iompróirí agus idirghabhálaithe mionsonraí ar a suíomh gréasáin ar nós seoladh ríomhphoist, a bhféadfadh iarrataí ar aisíocaíocht a sheoladh chuige trí mheán leictreonach. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin i gcás inarb ann do mhodhanna leictreonacha cumarsáide eile lena gceadaítear do phaisinéirí aisíocaíocht a iarraidh, an fhoirm dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, mar shampla, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin nó ar fheidhmchláir mhóibíleacha, ar choinníoll go dtairgeann na modhanna sin, i bhformáid inrochtana, an rogha agus an fhaisnéis a leagtar amach san fhoirm choiteann dá dtagraítear i mír 1 agus go bhfuil siad ar fáil i dteanga na háirithinte ar a laghad.

4. [...]

Airteagal 11a

An caidreamh le reachtaíocht an Aontais maidir le cearta paisinéirí i ndáil le haisíocaíocht, leanúint den turas, athródú agus cúnamh

I gcás nasc a cailleadh le linn turas ilmhódach a rinneadh faoi thicéad ilmhódach aonair, beidh feidhm ag Airteagail 7, 8, 9 agus 11 den Rialachán seo maidir le haisíocaíocht, leanúint den turas, athródú agus cúnamh. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag Airteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) 261/2004, ag Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010, ag Airteagail 19 agus 21 de Rialachán (AE) 181/2011, a mhéid a bhaineann siad le haisíocaíocht, leanúint den turas, athródú agus cúnamh, ná ag Airteagail 18 agus 20 de Rialachán (AE) 2021/782. Tá cur i bhfeidhm Airteagail 7, 8, 9 agus 11 den Rialachán seo gan dochar don cheart cúiteamh a lorg faoi fhorálacha ábhartha reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí.

CAIBIDIL IV

DAOINE FAOI MHÍCHUMAS AGUS DAOINE A BHFUIL A SOGHLUAISTEACHT LAGHDAITHE

Airteagal 12

An ceart chun iompair

1. Iompróirí a chuireann ticéid ilmhódacha aonair ar fáil agus bainisteoirí críochfoirt na gcríochfort dá dtagraítear in Airteagal 2(1b), leagfaidh siad síos rialacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha maidir le daoine faoi mhíchumas a iompar, agus maidir le daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar. Comhlíonfaidh na rialacha sin na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo, na forálacha ábhartha maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar a theorannú i reachtaíocht earnála an Aontais maidir le cearta paisinéirí, chomh maith le dlí an Aontais i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta.

- 1a. Na rialacha rochtana dá dtagraítear i mír 1, beidh na heagraíochtaí ionadaíocha do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, agus, i gcás inarb ábhartha, ionadaithe ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe rannpháirteach go gníomhach ina leagan síos.
- 1b. Iompróirí a chuireann ticéid ilmhódacha aonair ar fáil agus bainisteoirí críochfoirt, foilseoidh siad na rialacha rochtana dá dtagraítear i mír 1 agus soláthróidh siad i bhformáid inrochtana iad.
2. Déanfar áirithintí agus ticéid le haghaidh turais ilmhódacha, bídís i bhfoirm ticéid ilmhódaigh aonair nó ticéid ilmhódaigh chomhcheangailte, a chur ar fáil gan costas breise do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe. Ní fhéadfaidh iompróir nó idirghabhálaí diúltú áirithint a ghlacadh ó dhuine faoi mhíchumas nó ó dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe ná diúltú ticéad a eisiúint chuige, ná, i gcás iompróra, diúltú dá bhordáil, ná ní fhéadfaidh gnóthas iarnróid a éileamh go dtionlacfadh duine eile an duine sin mura mbeidh dianghá leis sin chun na rialacha rochtana dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh.
3. [...]
4. [...]
5. I gcás ina gceanglóidh iompróir go gcaithfidh duine eile e bheith in éineacht le duine faoi mhíchumas nó le duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, ar duine é atá in ann an cúnamh is gá a thabhairt i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 2, comhlíonfaidh na coinníollacha chun an duine tionlacain a iompar forálacha reachtaíocht earnálach an Aontais maidir le cearta paisinéirí. Ceadóidh an t-iompróir don duine faoi mhíchumas nó don duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe ainm an duine tionlacain is gá a mhodhnú gan aon mhuirear agus suas le 48 n-uaire an chloig roimh thús an turais.

6. I gcás ina ndiúltóidh iompróir nó idirghabhálaí glacadh le háirithint ó dhuine faoi mhíchumas nó ó dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe nó ticéad a eisiúint chuig duine faoi mhíchumas nó chuig duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe nó, i gcás iompróra, ina ndiúltóidh sé don bhordáil nó ina gceanglóidh sé ar dhuine eile an duine sin a thionlacan i gcomhréir le mír 2, an dara fomhír, cuirfidh sé an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe ar an eolas láithreach faoi na cúiseanna atá leis sin. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhformáid inrochtana agus, arna iarraidh sin don duine lena mbaineann, i scríbhinn. Déanfaidh an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí iarracht réasúnta modh iompair malartach inghlactha a mholadh don duine i gceist agus a riachtanais inrochtaineachta á gcur san áireamh.
7. Iompróirí a thairgeann ticéid ilmhódacha agus bainisteoirí críochfoirt dá dtagraítear in Airteagal 2(1b), bunóidh siad caighdeáin cháilíochta seirbhíse a chumhdóidh ar a laghad na míreanna a liostaítear in Iarscríbhinn II agus cuirfidh siad ar fáil go poiblí iad. Déanfaidh siad faireachán ar a bhfeidhmíocht leis na forálacha san Airteagal seo agus, arna iarraidh sin, roinnfidh siad faisnéis maidir lena bhfeidhmíocht leis an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmithe nó leis na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe.

Airteagal 13

Faisnéis maidir le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

Iompróirí agus idirghabhálaithe a chuireann ticéid le haghaidh turais ilmhódacha ar fáil thar ceann iompróra amháin nó níos mó, agus bainisteoirí críochfoirt, déanfaidh siad faisnéis maidir le hinrochtaineacht an chríochfoirt agus maidir le saoráidí agus seirbhísí atá bainteach leis a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Soláthrófar an fhaisnéis sin i bhformáid inrochtana.

Cúnamh le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

1. I gcomhthéacs ticéad ilmhódach aonair, rachaidh iompróirí, bainisteoirí críochfoirt agus idirghabhálaithe i gcomhar le chéile chun cúnamh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, i gcomhréir leis na rialacha rochtana dá dtagraítear in Airteagal 12(1). Comhoibreoidh iompróirí, bainisteoirí críochfoirt agus idirghabhálaithe le chéile chun sásra fógartha aonair a thairiscint le haghaidh na n-iarrataí ar chúnamh.
2. Saineofar an cúnamh a sholáthróidh gach iompróir, bainisteoir críochfoirt nó idirghabhálaí do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe le haghaidh gach seirbhíse iompair atá bainteach leis an turas ilmhódach i gcomhréir leis an Airteagal seo agus, maidir le gnéithe nach gcumhdaítear leis an Airteagal seo, le reachtaíocht earnála ábhartha an Aontais is infheidhme maidir leis an tseirbhís iompair sin.
3. Cuirfear cúnamh ar fáil saor in aisce do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Ceadófar do mhadra cuidithe aitheanta duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a thionlacan saor in aisce, gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ agus don dlí náisiúnta is infheidhme, agus ar choinníoll go gcoinnítear sábháilteacht agus slándáil paisinéirí agus criú eile ar bun.
4. Soláthrófar cúnamh i gcás ina dtabharfar fógra don iompróir conarthach, don idirghabhálaí ónar ceannaíodh an ticéad ilmhódach aonair, don bhainisteoir críochfoirt nó don phointe teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 15, i gcás inarb infheidhme, faoin gcúnamh sin a bheith ag teastáil ón bpaisinéir 48 n-uair an chloig ar a laghad sula mbeidh gá leis an gcúnamh.

²⁶ Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 (IO L 178, 28.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/576/oj>).

Ní bheadh gá ach le fógra amháin in aghaidh an turais. Cuirfear an fógra sin ar aghaidh chuig na hiompróirí, na hidirghabhálaithe, na bainisteoirí críochfoirt agus na pointí teagmhála aonair go léir a bheidh páirteach sa turas 36 uair an chloig ar a laghad sula mbeidh an cúnamh ag teastáil.

5. Glacfar leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 4 gan costais bhreise, gan beann ar an modh cumarsáide atá á úsáid.
6. Déanfaidh iompróirí agus idirghabhálaithe nó, i gcás inarb infheidhme, bainisteoirí críochfoirt agus pointí teagmhála aonair gach beart is gá chun fógraí a fháil; i gcás nach bhfuil iompróirí ná idirghabhálaithe in ann na fógraí sin a phróiseáil, cuirfidh siad gan mhoill modhanna malartacha in iúl chun an fógra a thabhairt.
7. Má thugtar an fógra dá dtagraítear i mír 4 laistigh den teorainn ama a leagtar amach sa mhír sin, tabharfaidh iompróirí agus, i gcás inarb infheidhme, bainisteoirí críochfoirt cúnamh ionas go mbeidh an duine in ann na seirbhísí iompair dá bhfuil ticéad aige a ghlacadh.
8. Mura dtabharfar an fógra sin laistigh den teorainn ama sin, nó mura dtabharfar aon fhógra mar sin, déanfaidh na hiompróirí agus más infheidhme, na bainisteoirí críochfoirt, gach iarracht réasúnta cúnamh a sholáthar sa chaoi go bhféadfaidh an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe taisteal.

Airteagal 15

Pointí teagmhála aonair chun faisnéis agus cúnamh a chomhordú

1. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal, i gcás aon turais ilmhódaigh, go n-oibreoidh bainisteoirí críochfoirt dá dtagraítear in Airteagal 2 (1b) agus iompróirí i gcomhar le chéile chun pointí teagmhála aonair do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bhunú ar a gcríoch agus a oibriú, i gcomhréir le mír 2.

- 1a. I gcásanna ina mbaineann na Ballstáit úsáid as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, bunófar téarmaí oibriú na bpointí teagmhála aonair sna rialacha rochtana dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus beidh na pointí teagmhála aonair sin freagrach as an méid seo a leanas:
- (a) glacadh le hiarrataí ar chúnamh ag críochfoirt;
 - (b) iarrataí aonair ar chúnamh a chur in iúl d'oibreoirí críochfoirt agus d'iompróirí.
2. [...]
3. I gcásanna ina mbainfidh na Ballstáit úsáid as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i mír 1, féadfaidh siad cead a thabhairt do bhainisteoirí críochfoirt agus d'iompróirí cinneadh a dhéanamh maidir le pointí teagmhála aonair fisiceacha, digiteacha nó teileafóin a sholáthar, ar choinníoll go bhfuil rochtain ar na pointí teagmhála sin agus go gcuireann siad ar chumas an phaisinéara teagmháil a dhéanamh leo, nuair is gá.

Airteagal 16

Cúiteamh i leith trealamh soghluaisteachta, feistí cúnta agus madraí cuidithe aitheanta

1. Na bainisteoirí críochfoirt a thugann cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus na daoine sin ag athrú ó sheirbhís iompair amháin go nascsheirbhís iompair, i gcomhthéacs ticéid ilmhódaigh aonair, i gcás, le linn na tréimhse ina bhfuil siad i bhfeighil an chúnaimh a thabhairt do na daoine lena mbaineann, inar cúis iad na bainisteoirí críochfoirt, le caillteanas trealaimh soghluaisteachta, lena n-áirítear cathaoireacha rothaí agus feistí cúnta, nó le damáiste do na nithe sin, nó le caillteanas nó díobháil madraí cuidithe arna n-úsáid ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, beidh siad faoi dhliteanas i leith an chaillteanais, an damáiste nó na díobhála sin, agus soláthróidh siad cúiteamh gan moill mhíchuí. Is éard a bheidh sa chúiteamh sin:
- (a) an costas a ghabhann le hathsholáthar nó deisiú an trealaimh soghluaisteachta nó na bhfeistí cúnta a cailleadh nó a ndearnadh damáiste dóibh;

- (b) an costas athsholáthair nó an costas a bhaineann le cóir leighis don ghortú a bhain do mhadra cuidithe aitheanta a cailleadh nó a gortaíodh;
- (c) costais réasúnta an athsholáthair shealadaigh le haghaidh trealamh soghluaisteachta, feistí cúnta nó madraí cuidithe aitheanta i gcás nach soláthraíonn an t-íompróir nó an bainisteoir críochfoirt an t-athsholáthar sin i gcomhréir le mír 2.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 12 de Rialachán 1107/2006, Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010, Airteagal 17 de Rialachán (AE) 181/2011 agus Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2021/782.

- 1a. Na h-íompróirí a thugann cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus na daoine sin ag athrú ó sheirbhís íompair amháin go nascsheirbhís íompair, i gcomhthéacs ticéid ilmhódaigh aonair, i gcás inar cúis iad na bainisteoirí críochfoirt le caillteanas trealamh soghluaisteachta, lena n-áirítear cathaoireacha rothaí agus feistí cúnta, nó le damáiste do na nithe sin, nó le cailleadh madraí cúnaimh aitheanta a úsáideann na daoine sin nó le díobháil do mhadraí cúnaimh aitheanta a úsáideann na daoine sin, cinnfear dliteanas na n-íompróirí sin i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme maidir le caillteanas, damáiste nó díobháil den sórt sin i gcomhthéacs seirbhís íompair aonair mar a leagtar síos i reachtaíocht earnálach an Aontais maidir le cearta paisinéirí don mhodh íompair lena mbaineann nó, i gcás inarb infheidhme, i Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 agus i Rialachán (CE) Uimh. 392/2009. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha sa chás sin.
2. I gcás ina mbeidh feidhm ag mír 1 agus mír 1a, déanfaidh íompróirí agus bainisteoirí críochfoirt dá dtagraítear sna míreanna sin gach iarracht réasúnta go pras earraí ionaid sealadacha a bhfuil gá leo láithreach a sholáthar le haghaidh trealamh soghluaisteachta agus feistí cúnta. Ceadófar don duine faoi mhíchumas nó don duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe an trealamh sealadach athsholáthair nó an fheiste shealadach athsholáthair sin a choinneáil go dtí go n-íocfar an cúiteamh dá dtagraítear i mír 1 nó, i gcás inarb infheidhme, dá bhforáiltear i reachtaíocht earnálach an Aontais maidir le cearta paisinéirí agus i Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 agus i Rialachán (CE) Uimh. 392/2009.

3. Tá mír 1 agus mír 1a gan dochar do cheart an iompróra nó an bhainisteora críochfoirt sásamh a lorg ó aon tríú páirtithe a rannchuidigh leis an teagmhas ba shiocair leis an gcúiteamh faoi na míreanna sin, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

CAIBIDIL V

GEARÁIN

Airteagal 17

[...]

Airteagal 18

Gearán a dhéanamh leis na hiompróirí, leis na hidirghabhálaithe agus leis na bainisteoirí críochfoirt

1. Gach iompróir a chuireann ticéid ilmhódacha aonair nó ticéid ilmhódacha chomhcheangailte ar fáil, gach idirghabhálaí a chuireann ticéid ilmhódacha chomhcheangailte ar fáil agus gach bainisteoir críochfoirt, dá dtagraítear in Airteagal 2(1b), bunóidh siad sásra láimhseála gearán maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ina réimsí freagrachta faoi seach. Cuirfidh siad a sonraí teagmhála agus a dteanga oibre, nó a dteangacha oibre, i bhfios go forleathan do phaisinéirí, lena n-áirítear i bhformáid inléite.
2. Beidh rochtain ag an bpobal, lena n-áirítear ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil an tsoghluaisteacht laghdaithe ar mhionsonraí an phróisis láimhseála gearán. Beidh an fhaisnéis sin ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-iompróir, an t-idirghabhálaí nó an bainisteoir críochfoirt ag oibriú.
3. Nuair a dhéanfaidh paisinéirí gearán trí úsáid a bhaint as an sásra dá dtagraítear i mír 1, cuirfear gearán mar sin isteach laistigh de 3 mhí den eachtra is ábhar don ghearán lena mbaineann. Laistigh d'aon mhí amháin tar éis dó gearán a fháil, tabharfaidh an seolaí freagra réasúnaithe nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, cuirfidh sé in iúl don phaisinéir go bhfaighidh sé nó sí freagra laistigh de thréimhse nach faide ná 3 mhí ón dáta a fuarthas an gearán.

CAIBIDIL VI

FORFHEIDHMIÚ

Airteagal 19

[...]

Airteagal 20

Comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin

1. Ainmneoidh gach Ballstát comhlacht nó comhlachtaí a bheidh freagrach as forfheidhmiú an Rialacháin seo. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit comhlacht a ainmniú atá freagrach cheana féin as dlí an Aontais maidir le cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú. Glacfaidh gach comhlacht na bearta is gá chun a áirithiú go n-urramaítear cearta na bpaisinéirí.
2. Cuirfidh na Ballstáit an comhlacht nó na comhlachtaí a ainmneofar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a dhualgais nó a ndualgais faoi seach in iúl don Choimisiún. Foilseoidh an Coimisiún agus na comhlachtaí atá ainmnithe an fhaisnéis sin ar a suíomhanna gréasáin.
3. Faoi 1 Meitheamh ... [4 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, foilseoidh an comhlacht nó na comhlachtaí a ainmneofar i gcomhréir leis an Airteagal seo tuarascáil ar a ghníomhaíocht sa 2 bhliain féilire roimhe sin ar a suíomh gréasáin, ar tuarascáil í ina mbeidh, go háirithe, tuairisc ar ghníomhaíochtaí a rinneadh chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú agus staidreamh maidir le gearáin agus maidir leis na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm. Chun na críche sin, tig leo tuarascáil shamplach ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a úsáid.
4. Faoi ... [XX mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunófar tuarascáil shamplach ar ghníomhaíochtaí chun cur chun feidhme aonfhoirmeach mhír 3 den Airteagal seo agus comhchuibhiú na sonraí staidrimh atá le soláthar ag na Ballstáit a áirithiú. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

Gearáin á láimhseáil ag na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin agus ag comhlachtaí eile

1. Ainmneoidh na Ballstáit an comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin nó aon chomhlacht eile mar an t-eintiteas atá freagrach as gearáin a láimhseáil faoin Airteagal seo.
2. I gcás ina mbeidh comhlachtaí éagsúla arna n-ainmniú faoi mhír 1 den Airteagal seo agus faoi Airteagal 20(1), áiritheoidh na comhlachtaí sin malartú faisnéise eatarthu chun cuidiú leis an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin na cúraimí maoirseachta agus forfheidhmithe a dhéanamh, agus chun é a chur ar a chumas don chomhlacht láimhseála gearán arna ainmniú faoi mhír 1 an fhaisnéis is gá chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin aonair a bhailiú.
3. Gan dochar don fhéidearthacht go lorgódh tomhaltóirí sásamh malartach de bhun Threoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷, tar éis dóibh gearán a dhéanamh, gan sásamh a fháil, leis an iompróir, leis an idirghabhálaí nó leis an mbainisteoir críochfoirt de bhun Airteagal 18 den Rialachán seo, tig le paisinéirí gearán a dhéanamh leis an gcomhlacht a ainmnítear faoi mhír 1 den Airteagal seo.

Tíolacfar gearán mar sin laistigh de 3 mhí ón bhfógra don phaisinéir faoi chinneadh an iompróra, an idirghabhálaí nó an bhainisteora críochfoirt ag díbhe an ghearáin a cuireadh isteach go hiomlán nó go páirteach de bhun Airteagal 18.

I gcás nach bhfuarthas an fógra sin laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 18(3), beidh sé de cheart ag an bpaisinéir gearán a dhéanamh faoin Airteagal seo laistigh de 3 mhí ó dháta dhul in éag na dteorainneacha ama sin.
- 3a. I gcás inar gá, cuirfidh an comhlacht a gcuireann an paisinéir gearán faoina bhráid i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, an gearánaí ar an eolas faoina cheart nó faoina ceart dul i dteagmháil le comhlachtaí um réiteach malartach díospóidí chun sásamh aonair a fháil.

²⁷ Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/11/oj>).

Féadfar an oibleagáid sin a chomhlíonadh tríd an uirlis idirghníomhach [liosta na n-eintiteas RMD ar tugadh fógra ina leith] arna choinneáil ar bun ag an gCoimisiún de bhun Airteagal [20] de Threoir 2013/11/AE⁺, nó, i gcás inarb iomchuí, pointí teagmhála RMD ainmnithe ar tugadh fógra don Choimisiún ina leith faoi Airteagal [24] den Treoir sin a lua leis an bpaisinéir.

- 3b. Admhóidh an comhlacht arna ainmniú faoi mhír 1 den Airteagal seo go bhfuarthas an gearán laistigh de choicís den ghearán a bheith faighte aige. Déanfaidh sé cinneadh maidir leis an ngearán agus tabharfaidh sé fógra faoina chinneadh don phaisinéir lena mbaineann laistigh de 3 mhí ón dáta a fuarthas an gearán. I gcásanna casta, tig leis an gcomhlacht sin síneadh 6 mhí a chur leis an tréimhse ón dáta a fuarthas an gearán. I gcás mar sin, cuirfidh sé na cúiseanna leis sin in iúl don phaisinéir. I gcás inar comhlacht um réiteach malartach díospóide de réir bhrí Threoir 2013/11/AE an comhlacht sin, beidh feidhm ag na teorainneacha ama a leagtar síos sa Treoir sin.
4. Gan dochar do Threoir 2013/11/AE, is é an comhlacht arna ainmniú faoi mhír 1 ag an mBallstát ina bhfuil an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí sin bunaithe a láimhseálfaidh gearáin paisinéirí faoi iompróir nó faoi idirghabhálaí. Más rud é gur lasmuigh den Aontas atá an t-iompróir nó an t-idirghabhálaí sin bunaithe, is é an comhlacht arna ainmniú faoi mhír 1 ag an mBallstát ina gcríochnaíonn an turas ilmhódach ann nó, i gcás turais a chríochnaíonn i dtríú tír an Ballstát ina dtosaíonn an turas ann, a láimhseálfaidh na gearáin.
5. [...]
6. [...]
7. I gcás ina mbainfidh gearán le bainisteoir críochfoirt dá dtagraítear in Airteagal 2(1b), is é an comhlacht arna ainmniú faoi mhír 1 den Airteagal seo ag an mBallstát ar ar a chríoch a bhfuil an críochfort lonnaithe, a láimhseálfaidh an gearán.

⁺ Treoir 2013/11/AE le leasú (*cf.* 13925/24, an comhad idirinstiúideach 2023/0376(COD)). Beidh na tagairtí do na hAirteagail le seiceáil nuair a ghlacfar an Treoir leasaitheach.

8. Faoi Airteagal seo, ní chuirfear cosc ar phaisinéir gearán a dhéanamh in aghaidh idirghabhálaí ar an bhforas go bhfuil gearán déanta aige nó aici cheana féin in aghaidh iompróra, ná as gearán a dhéanamh in aghaidh iompróra ar an bhforas go bhfuil gearán déanta aige nó aici cheana féin in aghaidh idirghabhálaí.

Airteagal 21a

Ionadaithe dlíthiúla idirghabhálaithe tríú tír

1. Ainmneoidh na hidirghabhálacha nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a thairgeann seirbhísí san Aontas, i scríbhinn, duine dlítheanach nó duine nádúrtha chun gníomhú ar a son mar ionadaí dlí i gceann amháin de na Ballstáit ina dtairgtear a seirbhísí. I gcás idirghabhálaithe a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸, féadfaidh an t-ionadaí dlíthiúil arna ainmniú de bhun an Rialacháin sin gníomhú freisin mar ionadaí dlíthiúil de bhun an Rialacháin seo.
2. Sannfaidh na hidirghabhálaithe a n-ionadaithe dlí chun go ndéanfaidh na comhlachtaí a ainmnítear faoi Airteagal 20(1) agus Airteagal 21(1), de bhreis ar na hidirghabhálaithe sin nó ina n-ionad, teagmháil leo maidir le gach saincheist is gá chun cinntí arna n-eisiúint i ndáil leis an Rialachán seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Tabharfaidh na hidirghabhálaithe na cumhachtaí is gá agus na hacmhainní leordhóthanacha dá n-ionadaithe dlíthiúla chun a ráthú go mbeidh comhar éifeachtúil tráthúil acu leis na comhlachtaí sin, agus chun na cinntí sin a chomhlíonadh.
3. Beidh ionadaí dlí ainmnithe in ann a bheith faoi dhliteanas mar gheall ar oibleagáidí neamhchomhlíonta faoin Rialachán seo, gan dochar don dliteanas ná do chaingne dlí a d'fhéadfaí a thionscnamh in aghaidh an idirghabhálaí.

²⁸ Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj>).

4. Cuirfidh na hidirghabhálaithe ainm, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin a n-ionadaí dlíthiúil in iúl do na comhlachtaí arna n-ainmniú faoi Airteagail 20(1) agus 21(1) ag an mBallstát ina bhfuil cónaí ar an ionadaí dlíthiúil sin nó ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil sin bunaithe. Áiríteoidh siad go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, go mbeidh rochtain éasca uirthi, go mbeidh sí cruinn agus go gcoinneofar cothrom le dáta í.
5. Ní hionann ionadaí dlíthiúil laistigh den Aontas a ainmniú de bhun mhír 1 agus bunaíocht san Aontas.

Airteagal 22

[...]

Airteagal 23

Comhroinnt faisnéise le comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin

Féadfaidh na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin a iarraidh ar iompróirí, ar idirghabhálaithe agus ar bhainisteoirí críochfoirt doiciméid agus faisnéis a sholáthar atá ábhartha chun a bhfeidhm a chomhlíonadh. Mura sonraítear a mhalairt, soláthrófar na doiciméid agus an fhaisnéis sin laistigh d'aon mhí amháin ón iarraidh a fháil.

Airteagal 24

[...]

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 25

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na rialacha nó do na bearta sin.

Airteagal 26

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
I gcás nach dtabharfaidh an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

²⁹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

Airteagal 27

Tuarascáil

Faoi ... [7 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme mar aon le torthaí an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Beidh an tuarascáil bunaithe ar fhaisnéis a chuirfear ar fáil de bhun an Rialacháin seo.

Airteagal 28

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ... [2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

[...]

IARSCRÍBHINN II

ÍOSCHAIGHDEÁIN UM CHÁILÍOCHT SEIRBHÍSE

Faisnéis maidir le forálacha sábháilteachta agus srianta arna gcur i bhfeidhm

Faisnéis maidir le cearta XXXX faoi Chaibidil IV (ar bhealach trédhearcach, inrochtana, neamh-idirdhealaitheach, éifeachtach agus comhréireach):

- ceanglais maidir le madraí cuidithe aitheanta a iompar (i gcás iompróirí)
- coinníollacha maidir leis an duine tionlacain
- inrochtaineacht na modhanna iompair a úsáidtear
- inrochtaineacht an chríochfoirt (i gcás bainisteoirí críochfoirt)
- treoir ghinearálta maidir le híostréimhsí cruinnithe/bailithe ag pointí laistigh den chríochfort agus treoir ghinearálta maidir le híostréimhsí idirthurais idir críochfoirt
- trealamh soghluaisteachta a iompar
- an nós imeachta gearán agus cúitimh maidir le trealamh a ndearnadh damáiste dó
- oiliúint foirne maidir le cearta paisinéirí faoi mhíchumas agus na nósanna imeachta cúnaimh.
